



Ráiteas Straitéise **2015-2017**



Clár na nÁbhar

RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH	2
RÁITEAS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH	4
MAIDIR LEIS AN ÚDARÁS NÁISIÚNTA IOMPAIR	6
ATHBHREITHNIÚ AR AN TRÉIMHSE Ó 2012 GO 2014	8
RIALACHAS ÁR nEAGRAÍOCHTA	10
TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA 2015-2017	11
AGUISÍN 1: STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL	20
AGUISÍN 2: COMHALTAÍ AN BHOIRD	21

Réamhrá an Chathaoirligh

Is é seo tríú Ráiteas Straitéise an Údarás Náisiúnta Iompair agus leagtar amach ann ár gclár oibre don tréimhse ó 2015 go 2017.

Tá an Bord an-sásta leis an dul chun cinn suntasach a d'éirigh leis an Údarás a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm an chlár oibre uailmhianaigh a bhí leagtha amach sa Ráiteas Straitéise deiridh agus é sin go léir a dhéanamh nuair a bhí cúrsaí geilleagracha an-dúshlánach sa tír. Ceann de na príomhrudaí a baineadh amach i gcaitheamh na tréimhse sin ab ea bailchríoch a chur an Phlean Feidhmiúcháin Comhtháite don tréimhse ó 2013 go 2018. Príomhthionscadal faoin gcreat infheistíochta caipitiúla i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath is ea an tionscadal Luas Traschathrach atá faoi lánseoil.

Seoladh scéimeanna rothar cathrach i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Luimneach i 2014 mar chuid d'infheistíocht sna cathracha réigiúnacha.

Cuireadh feabhas breise ar chomhtháthú seirbhísí do chustaiméirí iompair phoiblí trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua nuair a rinneadh tuilleadh forbartha ar fheidhmiúlacht an chárta Leap, nuair a leathnaíodh córais faisnéise fíor-ama do phaisinéirí agus nuair a forbraíodh aipeanna tacaíochta.

Rinneadh athchóiriú iomlán ar rialáil tacsaithe i rith thréimhse na straitéise deireanaí nuair a chomhdhlúthaíodh na rialacháin a ritheadh le 50 bliain i reachtaíocht agus i rialacháin nua. Cuireadh athruithe struchtúracha i bhfeidhm freisin sa chlár Iompair Tuaithe.

Garsprioc thábhachtach don Údarás ab ea síniú conarthaí dámhachtana dírlí nua le Bus Átha Cliath agus le Bus Éireann agus an cinneadh chun tairiscintí le haghaidh roinnt seirbhísí bus a iarradh in 2016 chun tagarmharcáil a dhéanamh ar sheirbhísí.

Ag an bpointe seo, tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don ról a bhí ag Príomhfheidhmeannach an Údarás, Gerry Murphy, a chuaigh ar scor le déanaí, agus d'obair na foirne bainistíochta agus na bhfostaithe maidir le cur i bhfeidhm na dtionscadal sin agus go leor tionscadal eile. Is cúis áthais don Bhord aitheantas a thabhairt dá ngairmiúlacht agus dá dtiomantas go háirithe toisc go dtuigimid go dianmhaith go ndearnadh an-laghdú ar acmhainní an Údarás mar gheall ar an lánchosc leanúnach atá ar earcaíocht san earnáil phoiblí.

Ba é an rud a ba shuntasáí nuair a bhí an Ráiteas Straitéise deiridh á scríobh ná drochstaid an airgeadais phoiblí a chuir srianta leis an maoiniú a bhí ar fáil do thionscadail mhóra chaipitil agus a laghdaigh leibhéal na bhfóirdheontas le haghaidh seirbhísí iompair phoiblí. Mar sin féin, is tuar dóchais an feabhas atá tagtha ar chúrsaí eacnamaíocha le déanaí agus táimid ag súil go bhféadfar an maoiniú i gcomhair seirbhísí iompair phoiblí a fheabhsú. Tháinig méadú ar líon na bpaisinéirí den chéad uair in 2014 agus a táthar ag súil go leanfaidh sé sin ar aghaidh de réir mar a chobhsaíonn an geilleagar. Den chéad uair i 6 bliana, níl aon phlean ann íocaíochtaí fóirdheontais iompair phoiblí a laghdú in 2015, agus is rud dearfach é sin.

Is í fíis an Údaráis do na trí bliana amach romhainn go ndíreoidh sé ar mhodhanna iompair phoiblí, rothaíocht agus siúl a fhorbairt ar fud na tíre d'fhonn inbhuanaitheacht níos fearr a bhaint amach i modhanna agus patrúin iompair, rud a fheabhsóidh an comhshaol agus cáilíocht beatha na ndaoine.

Mar fhocal scoir, tá an Bord ag súil go mór le bheith ag obair leis an bPríomhfheidhmeannach nua an Údaráis, Anne Graham, agus le foireann an Údaráis maidir le baint amach na dtosaíochtaí atá leagtha amach sa Ráiteas seo.



John Fitzgerald, Cathaoirleach

Eanáir 2015

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Ós mise an Príomhfheidhmeannach nua, is cúis mhór áthais dom Ráiteas Straitéise an Údaráis a forbraíodh trí rannpháirtíocht ár bhfoirne agus ár mBoird a chur i láthair an tsaoil.

Ar dtús, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don ról tábhachtach a bhí ag mo réamhtheachtaí agus mo chomhghleacaí, Gerry Murphy, i mbunú an Údaráis agus i dtreorú a dhul chun cinn go dtí seo.

Is fiú a mheabhrú gur bunaíodh an tÚdarás ar dtús chun cur chuige nua a chur ar fáil maidir le pleanáil agus cur i bhfeidhm seirbhísí iompair phoiblí agus bonneagair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath trí bhíthin údaráis amháin a mbeadh cumhachtaí go leor aige chun smaointeoireacht chomhleanúnach agus soláthar comhleanúnach a chur ar fáil sna modhanna iompair go léir. Leathnaíodh ár sainchúram ina dhiaidh sin chun comhlacht náisiúnta le haghaidh iompar poiblí agus rialáil tacsaithe a dhéanamh dinn.

Is iad príomhfheidhmeanna an Údaráis seirbhísí fóirdheonaithe bus agus iarnróid a sholáthar mar aon le ticéadú, táillí agus eolas comhtháite a chur ar fáil agus an bonneagar iompair phoiblí agus áiseanna siúlóide agus rothaíochta a fhorbairt agus ag an am céanna an beartas iompair agus an beartas talamhúsáide a chomhtháthú le chéile. Chomh maith leis sin, rialaíonn an tÚdarás oibriú feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus a dtiománaithe agus tugann ceadúnais le haghaidh seirbhísí tráchtála bus. Tacaíonn gach ceann de na feidhmeanna le beartas an Rialtais an pobal a spreagadh chun leas a bhaint as modhanna iompair níos inbhuanaithe.

Tá an tOireachtas ag breithniú dréachtreachtaíochta faoi láthair a rialódh clampáil feithiclí. Moltar sa Dréachtbhille go dtabharfaí an chumhacht don Údarás gníomhaíochtaí clampála a rialáil chomh maith le nithe áirithe a bhaineann le hachomhairc a dhéanamh in aghaidh clampála agus feithiclí a thabhairt chun siúil.

Cé gur tháinig laghdú ar mhaoiniú do bhonneagar agus ar seirbhísí iompair phoiblí agus laghdú ar an éileamh ar na seirbhísí sin sna blianta ó bunaíodh an tÚdarás, táthar ag súil go dtiocfaidh fás ar an éileamh ar iompar poiblí sna trí bliana atá romhainn. Go deimhin tháinig fás 4% ar líon iomlán na dturas a rinne paisinéirí sna seirbhísí fóirdheonaithe go léir in 2014.

Is léir go bhfuil maoiniú riachtanach d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm phleananna móra an Údaráis, mar shampla, Líonra Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus an Líonra Bus Gasta atá molta. Tá cobhsaíocht áirithe curtha ar fáil maidir le soláthar seirbhísí trí chinneadh an Rialtais i mBuiséad 2015 gan aon laghduithe breise a dhéanamh ar íocaíochtaí fóirdheontas le haghaidh seirbhísí bus agus iarnróid. Táthar ag súil go gcuirfidh an Rialtas bailchríoch ar a chéad chlár caiteachais chaipitil laistigh d'amscála an Ráitis Straitéise seo. Tá a fhios againn de réir mar a thagann feabhas ar dhálaí eacnamaíochta go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar na seirbhísí iompair phoiblí atá ann cheana féin agus ar sheirbhísí breise agus tá sé tábhachtach go mbeidh an tÚdarás in ann freastal ar an méadú sin.

Léiríonn an Ráiteas Straitéise nua seo an chaoi a bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh go gcruthóidh an tÚdarás seirbhísí éifeachtúla, inacmhainne iompair phoiblí don phobal taistil. Beidh deis ag an Údarás sna chéad trí bliana atá romhainn creat a cheapadh le haghaidh fás iompair phoiblí trí Straitéis Iompair nua a fhorbairt do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath agus obair a dhéanamh ar an bpríomh-bhonneagar a thacóidh le forbairt an réigiúin. Díreofar freisin ar fheabhsú an bhonneagair agus na seirbhísí atá againn le freastal ar chustaiméirí breise a d'fhéadfadh a bheith ann.

I gcaitheamh an Ráitis Straitéise deiridh rinneadh athchóiriú iomlán ar an reachtaíocht maidir le rialáil feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus forbraíodh córais chun ceadúnú bus a bhainistiú. Síniódh conarthaí Dámhachtana Dírí nua le Bus Átha Cliath agus le Bus Éireann agus cuireadh réimis feidhmíochta níos dúshlánaí i bhfeidhm. Cuirfidh an tÚdarás conarthaí nua fóirdheonaithe ar fáil freisin le hoibreoirí eile seachas cuideachtaí CIÉ agus iarraidh sé tairiscintí i gcás 10% de sheirbhísí Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann in 2015.

Tá bailchríoch díreach curtha ag an Údarás ar athstruchtúró sholáthar na seirbhísí iompair phoiblí thuaithe. Tá roinnt Aonad um Chomhordú Iompair curtha ar fáil ar fud na tíre a bhfuil sé de thasc acu freagra a thabhairt ar an éileamh ar iompar poiblí i gceantair thuaithe.

Mar sin, tá creat forbartha sna trí bliana atá thart chun seirbhísí feabhsaithe iompair phoiblí a sholáthar don phobal. Is é an dúshlán a choinneáil ar aghaidh ag feabhsú na seirbhísí sin leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn agus a chinntiú go n-oirfidh soláthar seirbhísí agus bonneagair don fhás a thiocfaidh ar an éileamh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne go léir a chuidigh le foirmiú an doiciméid seo. Tá a leithéid de dhíograis léirithe acu nach bhfuil amhras ar bith orm faoina dtiomantas ó chroí ó thaobh spriocanna uaillmhianacha a leagan síos don Údarás agus iad a bhaint amach.

Tá mé ag súil go mór le bheith ag obair leis an mBord agus le mo chomhghleacaithe ag cur i gcrích na gcuaspóirí atá leagtha síos sa Ráiteas Straitéise seo.



Anne Graham, Príomhfheidhmeannach
Eanáir 2015

Maidir leis an Údarás Náisiúnta Iompair

Ár bhFís

“Go mbeidh sciar níos mó d’iompar ardchaighdeán, inbhuanaithe, inrochtana á úsáid ag cách”

Ár Misean

Is é ár Misean cur leis an sciar de thaisteal inbhuanaithe ar fud na tíre trí

- 1.** Seirbhísí iompair phoiblí a bheidh tarraingteach, ar ardchaighdeán agus sábháilte a sholáthar agus a rialáil,
- 2.** A chinntiú go bhforbrófar agus go gcuirfear i bhfeidhm córas iompair a bheidh inrochtana agus comhtháite,
- 3.** Cur le comhtháthú éifeachtach a dhéanamh ar bheartas agus ar infheistíocht i gcúrsaí iompair agus úsáide talún, agus
- 4.** A chinntiú go mbeidh dearcadh níos fearr agus níos mó feasachta ag daoine maidir le hiompar poiblí

ar bhealach a thacóidh le beartais agus tosaíochtaí an Rialtais agus a chuirfidh le forbairt eacnamaíochta, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus comhtháthú sóisialta sa Stát.

Ár bhfreagrachtaí

Ag leibhéal náisiúnta, is é an ról atá ag an Údarás –

- Seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar trí chonarthaí seirbhísí iompair phoiblí;
- Ticéadú, táillí agus eolas comhtháite a chur ar fáil;
- Líonra iompair comhtháite, inrochtana poiblí a chur ar fáil;
- Ceadúnú a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí bus do phaisinéirí nach bhfuil faoi réir conartha seirbhísí iompair phoiblí;

- An Clár Iompair Tuaithe agus struchtúr na nAonad Comhordaithe Iompair a thiocfaidh ina dhiaidh a bhainistiú;
- Bonneagar agus flíteanna bus agus scéimeanna agus áiseanna rothaíochta a sholáthar;
- Branda aonair iompair phoiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Creat rialála a fhorbairt agus a choinneáil ar siúl le haghaidh rialú agus oibriú feithiclí beaga seirbhíse poiblí (tacsaithe, fruilcharranna agus limisíní) agus a dtiománaithe;
- Aighneachtaí reachtúla ar Threoirlínte Pleanála Réigiúnacha a ullmhú;
- Sonraí staitistiúla agus faisnéis faoi chúrsaí iompair a thiomsú;
- Na cearta a thugann an AE do phaisinéirí a fhorfheidhmiú i gcás iompair iarnróid, agus iompar ar muir agus iompar ar bhusanna agus cóistí;
- Bailíochtú a dhéanamh ar údaruithe an AE agus foirmeacha turais maidir le busanna agus taisteal cóiste i gcomhréir le Rialachán an AE Uimh. 1073/2009; agus
- Feidhmiú mar chomhlacht idir-réitigh náisiúnta do sholáthraithe seirbhíse dola leictreonáil.

Tá na ról bhreise seo a leanas ag an Údarás laistigh de Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath –

- Tabhairt faoi phleanáil straitéiseach iompair;
- Infheistiúocht a dhéanamh i ngach bonneagar iompair phoiblí;
- Bainistiúocht éifeachtach a fhorbairt maidir le héilimh thráchtá agus iompair.

Athbhreithniú ar an tréimhse ó 2012-2014

Cuireadh an Ráiteas Straitéise deiridh i bhfeidhm nuair a bhí meath ag teacht ar an ngeilleagar sa chaoi go raibh tionchar díobhálach tromchúiseach aige ar an Státchiste agus sa deireadh thiar ar na seirbhísí poiblí iomadúla a bhí maoinithe ag an Stát lena n-áirítear seirbhísí iompair phoiblí. In ainneoin an mheatha sin, chuir an tÚdarás go leor de na bearta i bhfeidhm a bhí leagtha amach sa chlár uailmhianach a ceapadh in 2012. Tá cur síos sna hailt seo a leanas ar an dul chun cinn a rinneadh i réimsí tábhachtacha.

Tá athbhreithnithe déanta ag an Údarás ar eagrú seirbhísí iompair phoiblí ar fud an Stáit. Cuireadh críoch rathúil ar athbhreithniú mór ar sheirbhísí Bhus Átha Cliath, a tosaíodh in 2011. Críochnaíodh léirmheasanna ar na líonraí bus ar fud an Stáit agus sna cathracha réigiúnacha Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge. Rinneadh athruithe ar sheirbhísí de thoradh an athbhreithnithe sin agus tháinig fás ar líon na bpaisinéirí agus méadú ar ioncam na n-oibreoirí.

D'fhág cinneadh oibreoirí busanna tráchtála seirbhísí idir-uirbeacha díreacha níos tapúla a fhorbairt go Baile Átha Cliath agus ar ais arís gur tarraingíodh siar seirbhísí bus ó go leor bailte idirmheánacha. Chuir sé sin brú ar an Údarás seirbhísí eile bus a sholáthar ina n-áit agus cé go raibh sé sin indéanta i roinnt áiteanna, tá sé teoranta ag an maoiniú atá ar fáil.

Obair mhór ab ea atheagrú an Chláir Iompair Tuaithe d'fhonn na seirbhísí tuaithe a chomhcheangal níos fearr leis na príomhghréasáin iompair phoiblí. Ag an bpointe seo tá an obair maidir le bunú na n-aonad iompair comhordaithe nua beagnach críochnaithe. Tá an tÚdarás sásta go gcuirfidh na socruithe nua feabhas suntasach ar an iompar poiblí a bheidh ar fáil do go leor daoine a úsáideann seirbhísí iompair tuaithe.

Rud an-tábhachtach ab ea cur i bhfeidhm na gconarthaí nua seirbhíse iompair phoiblí le Bus Éireann agus Bus Átha Cliath mar go ndeachaigh na conarthaí a bhí ann in éag ar an 30 Samhain 2014. Rinne an tÚdarás cinneadh na conarthaí dámhachtana díri leis na cuideachtaí a athnuachan ar feadh cúig bliana eile. Chinn an tÚdarás próiseas tairisceana iomaíoch a reáchtáil do thart ar 10% de na seirbhísí a oibrítear faoi na conarthaí sin, chun go n-oibreoidh an tairgeoir a mbeidh rath air na bealaí sin in 2016. Cuirfidh an próiseas sin ar chumas an Údaráis a chinntiú go bhfaighidh an Stát luach ar airgead maidir le conarthaí seirbhísí bus poiblí.

Bhí sé riachtanach an cailteanas i bhfóirdheontas a fhritháireamh trí tháillí a ardú ach nuair a seoladh an córas ticéadaithe comhtháite le haghaidh iompar poiblí, Leap, chuir sé ar chumas an Údaráis maolú a dhéanamh ar thionchar na méaduithé sin ar phaisinéirí. Ó tosaíodh ag díol na gcártaí Leap i mí na Nollag 2011 tá an méid acu atá á ndíol ag fás in aghaidh na míosa agus bhí níos mó ná 865,000 acu díolta faoi dheireadh 2014. Ag an tráth sin bhí níos mó ná 94 milliún turas déanta le cártaí Leap agus ioncam 143 milliún ginte acu d'oibreoirí iompair phoiblí.

Lena chois sin, bhí an tÚdarás in ann réimse táillí iompair phoiblí a chuíchóiriú agus táirgí nua a thairiscint do chatagóirí éagsúla custaiméirí. Tá táillí cárta Leap 20% níos saoire faoi láthair ná a gcoibhéis in airgead tirim.

Gné tábhachtach den mheascán iompair phoiblí is ea seirbhísí tacsáí. Ó ba rud é go mb'ábhar imní don phobal na cleachtais a bhí in earnáil na dtacsaithe, rinne an Rialtas athbhreithniú ó bhonn ar na rialacháin a rialaíonn tiománaithe agus feithiclí tacsáí agus d'fhoilsigh siad na torthaí. Aithníodh 46 beart ar leith in athbhreithniú an Rialtais a ceapadh chun caighdeán a fheabhsú ar mhaithe leis na hoibreoirí agus, rud níos tábhachtaí fós, ar mhaithe leis na custaiméirí. Bhí an chuid is mó de na bearta curtha i gcrích roimh dheireadh na bliana 2014. Nuair a achtaíodh an tAcht um Rialáil Tacsaithe 2013, rinne an tÚdarás chomhdhlúthú ar an reachtaíocht thánaisteach go léir a bhaineann le tacsaithe. Rinneadh dhá athbhreithniú ar tháillí tacsaithe agus tar éis dul i mbun comhairliúcháin le custaiméirí agus le hionadaithe an tionscail, beartaíodh táillí a mhéadú de thoradh an dara athbhreithnithe. Tá seirbhís méadaithe maidir le comhlíonadh á soláthar chomh maith ag an Údarás.

D'oibrigh an tÚdarás chun leas a bhaint as teicneolaíochtaí gréasáin agus aipeanna chun go mbeadh smacht níos fearr ag custaiméirí iompair phoiblí ar a gcuid socruithe taistil. Rinneadh é sin trí sheirbhís náisiúnta um planáil turas a cheapadh mar aon le córais faisnéise fíor-ama do phaisinéirí agus córas áirithinte i gcás seirbhísí tuaithe. Tugadh isteach aip do chustaiméirí tacsáí a chuireann ar a gcumas a sheiceáil an bhfuil an tacsáí agus an tiománaí atá acu ceadúnaithe.

Rinne an tÚdarás infheistíocht freisin chun busanna nua a cheannach in áit busanna a bhfuil a ré caite agus in uasghrádú busanna níos sine d'fhonn compord níos fearr a chur ar fáil do phaisinéirí agus breis rochtana a sholáthar do chathaoireacha rotha. Tá rochtain saor in aisce le fáil ag paisinéirí anois ar Wi-Fi ar sheirbhísí bus agus iarnróid agus cuirtear fógraí béil agus amhairc faoin gcéad stad eile ar fáil ar sheirbhísí.

Cé go bhfuil cúrsaí inrochtaineachta ar sheirbhísí bus agus iarnróid ag feabhsú de réir a chéile, tá laghdú suntasach tagtha le blianta beaga anuas ar líon na dtacsaithe atá oiriúnach do chathaoireacha rotha. Tá deontais curtha ar fáil ag an Údarás le cabhrú le hoibreoirí tacsaithe chun feithiclí nua atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí a cheannach nó feithiclí atá ann cheana féin a iarfheistiú. Rinneadh leasú freisin ar na caighdeáin maidir le háiseanna inrochtana do chathaoireacha rothaí le cur ar chumas oibreoirí feithiclí níos lú agus níos inacmhainne a cheannach atá inrochtana do chathaoireacha rotha. Is é an toradh a bhí air ná gur tháinig feabhas ar líon na dtacsaithe atá oiriúnach do chathaoireacha rotha.

Bhí drochthionchar ag na dálaí athraithe eacnamaíocha le cúpla bliain anuas ar leibhéil infheistíochta i mbonneagar iompair phoiblí sa chaoi gur cuireadh siar mórsceimeanna a raibh dul chinn maith déanta maidir lena bpleanáil. Mar sin féin, céim dhearfach ab ea an cinneadh dul ar aghaidh le tionscadal Traschathrach Luas mar déanfaidh sé comhtháthú ar na línte Luas atá ann chomh maith le naisc níos fearr a chruthú le seirbhísí iompair phoiblí eile agus le stáisiúin mhóra ceann aistire.

Bhí an tÚdarás in ann an infheistíocht a ba ghá a sholáthar freisin chun an córas comharthaíochta iarnróid a uasghrádú sa chaoi gur féidir le níos mó traenacha taisteal trí limistéar lár na cathrach ag buaic-amanna. Déanfaidh an fhorbairt éascú ar sheirbhísí iarnróid ar líne Chill Dara a shíneadh go limistéar theas chathair Bhaile Átha Cliath. Tá an tÚdarás ag dul ar aghaidh le planáil líonra nua Bus Gasta, a chuirfidh seirbhísí ardchaighdeán bus ar fáil ar roinnt conairí tábhachtacha bus. Braithfidh cur i bhfeidhm an líonra ar mhaoiniú a bheith ar fáil i gcéad chlár caipitil eile an Rialtais. Táthar ag tabhairt tús áite i gcónaí do chomhtháthú éifeachtach a dhéanamh ar phleanáil maidir le húsáid talún agus cúrsaí iompair agus tá go leor aighneachtaí á ndéanamh maidir le pleananna údarás áitiúil agus iarratais mhóra phleanála.

Lean an tÚdarás air i mbun rannpháirtíochta leis na príomhpháirtithe leasmhara agus leis an bpobal i rith thréimhse an Ráitis Straitéise. Bhí go leor comhairliúcháin tábhachtach ann faoi réimse saincheisteanna iompair. Úsáideadh torthaí na gcomhairliúcháin sin in ullmhú an Ráitis Straitéise nua.

Rialachas Ár nEagraíochta

Comhlacht Stáit neamhthráchtála is ea an tÚdarás Náisiúnta Iompair a bunaíodh ar an 1 Nollaig 2009. Tá struchtúr eagrúcháin an Údaráis léirithe in Aguisín 1.

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann Bord an Údaráis. Tá ballraíocht reatha an Bhoird le feiceáil in Aguisín 2.

Is iondúil go dtagann an Bord le chéile gach mí.

Foilsítear miontuairiscí cruinnithe an Bhoird ar shuíomh gréasáin an Údaráis Náisiúnta Iompair

www.nationaltransport.ie

Tá Coiste Iniúchta bunaithe ag an mBord. Tá ballraíocht an Choiste san áireamh in Aguisín 2.

Tosaíochtaí Straitéiseacha 2015-2017

Tosaíocht 1

An Clár um Infheistíocht Chaipitil maidir le hiompar poiblí agus bearta iompair inbhuanaithe araon i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a shocrú agus a bhainistiú

Ár bPríomhchuspóirí:

- › Deimhin a dhéanamh de go gcuirfí an Clár um infheistíocht chaipitil do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm de réir bheartas an Rialtais agus i gcomhar le treoirlínte an Údaráis maidir le costas agus bainistíocht tionscadail chun luach ar airgead a chinntiú agus chun go gcuirfí i gcrích go tráthúil iad;
- › Córas iompair éifeachtach, éifeachtúil agus sábháilte a fhorbairt chun go mbeadh formhór na ndaoine lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas nó lagú soghluaisteachta in ann teacht go héasca ar sheirbhís iompair phoiblí iontaofa;
- › Líonraí agus bonneagar oiriúnach a fhorbairt don rothaíocht agus don siúl.

Céimeanna i dtreo seachadta:

- › Na cuspóirí atá sa Phlean Comhtháite um Fhorfheidhmiú 2013-2018 agus aon nuashonrú a dhéanfar ar an bPlean sin a chur i bhfeidhm;
- › Bailchríoch a chur ar ullmhú an Phlean Straitéisigh um Bainistiú Tráchtá do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath;
- › Plean nuashonraithe a ullmhú le haghaidh Forfheidhmiú Comhtháite Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath lena fhaomhadh ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt;
- › Monatóireacht rialta a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirfear cuspóirí an chláir infheistíochta caipitil i bhfeidhm go héifeachtach ó thaobh comhsheasmhacht le treoirlínte dearaidh, frámaí ama agus costais;
- › Bainistiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an tionscadail um Luas Traschathrach in am agus de réir an bhuiséid;
- › Bainistiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bpríomhchlár infheistíochta i gcomhréir le pleananna reachtúla.

Tosaíocht 2

Rialaigh soláthar agus cáilíocht na bhFeithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (SPSVanna) agus earnálacha na mbusanna tráchtála ar mhaithe le paisinéirí reatha agus paisinéirí féideartha

Príomhchuspóirí

- Na creataí rialála agus an réimeas comhlíonta maidir le hearnálacha na bhFeithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí agus na mbusanna tráchtála a fhorbairt, a athbhreithniú agus a fheabhsú chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht, ar shábháilteacht agus ar inrochtaineacht na n-earnálacha sin agus iad a fheabhsú ar mhaithe le paisinéirí reatha agus paisinéirí féideartha;
- An creat comhlíonta is éifeachtaí a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh ardchaighdeán cháilíochta ann de réir na rialachán agus na gcód cleachtais;
- Próisis rialúcháin a fhorbairt a bheidh éifeachtach agus cothrom le tacú le hoibreoirí;
- Páirt ghníomhach a ghlacadh san idirphlé iomchuí leis na tionscail iompair faoi seach agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile agus tionchar a imirt orthu.

Céimeanna i dtreo seachadta - Seirbhísí Bus Tráchtála

- Leanúint le feabhsú agus cuíchóiriú an phróisis iarratais agus athnuachana chomh maith leis an bpróiseas foaíochta maidir le ceadúnais busanna poiblí do phaisinéirí lena chinntiú go bhfuil sé éifeachtach, cothrom, láidir;
- An córas Cláraithe um Sheirbhís Iompair Phoiblí a chur i bhfeidhm, a mheas, agus a fheabhsú;
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht, comhsheasmhacht agus tráthúlacht cinnteoireachta i gcomhréir le *Treoirlínte um Cheadúnú Seirbhísí Bus Poiblí do Phaisinéirí an Údaráis*;
- Leanúint le forbairt agus coinneáil réimeas comhlíonta láidir trí mheascán d'fhorfheidhmiú agus de bhearta comhairleacha lena chinntiú go gcuirfí seirbhísí bus tráchtála ardchaighdeán ar fáil i gcomhréir le riachtanais rialála.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na *Treoirlínte um Cheadúnú Seirbhísí Bus Poiblí do Phaisinéirí* agus athruithe oiriúnacha a mholadh lena n-áirítear athruithe reachtacha bainteacha;
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt coinníollacha ceadúnais a bheadh feabhsaithe ach comhréireach, a chuirfidh feabhas ar a mbeidh á thairiscint do chustaiméirí agus a ardóidh caighdeán cáilíochta foriomlán seirbhísí tráchtála busanna poiblí do phaisinéirí agus leanúint leis an obair forbartha sin;
- Clár forfheidhmithe a mholadh agus a fhorbairt maidir le gluaiseacht i dtreo earnála cheadúnaithe inrochtana.

Céimeanna i dtreo seachadta - Earnáil na bhFeithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (SPSVanna)

- Leanúint le cur chun feidhme na bearta a d'aithin Grúpa an Rialtais um Athbhreithniú Tacsaithe agus a thagann faoi réim rialála an Údaráis;
- Leanúint leis an gcur chuige is éifeachtaí agus is éifeachtúla a chinntiú maidir le rialáil tionscail na SPSVanna in Éirinn i bhfianaise an mhúnla áirithe rialála atá againn in Éirinn;
- Córas comhlíonta láidir a choinneáil lena chinntiú go mbeidh caighdeán ard ann ó thaobh feithiclí agus tiománaithe SPSVanna i gcomhréir leis na riachtanais rialála;
- Seirbhísí feabhsaithe SPSVanna do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn trí bhearta rialála de réir mar is cuí;
- Na rialacháin a chur i bhfeidhm go héifeachtach le tacú le hoibreoirí comhlíontacha;
- Seirbhísí feabhsaithe SPSVanna a chur chun cinn trí bhearta rialála agus bearta eile de réir mar is cuí do cheantair áitiúla a bhfuil easnaimh iompair phoiblí iontu.

Tosaíocht 3

A chinntiú go dtugtar aghaidh go huile is go hiomlán ar chúrsaí Úsáide Talún mar chuid den Phróiseas Pleanála Iompair.

Príomhchuspóir

- Comhtháthú éifeachtach a chur chun cinn maidir le pleanáil iompair agus úsáide talún;
- Breithniú ar shaincheistanna iompair a chur chun cinn i mbeartais níos leithne an rialtais.

Céimeanna i dtreo seachadta

- Straitéis Iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath a ullmhú;
- Feidhmeanna reachtúla an Údaráis Náisiúnta Iompair a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach i Mórchéantar Bhaile Átha Cliath agus ar fud na tíre, i dtaca le pleanáil réigiúnach, pleanáil chun cinn ar leibhéal an údaráis áitiúil agus bainistíocht forbartha;
- Treoir maidir leis na cineálacha éagsúla úsáide talún a fhoirmliú agus a fhoilsiú nuair a mheastar go bhfuil a leithéid ag teastáil, mar shampla, pleanáil scoileanna, suíomh fostaíochta agus tréscailteacht.

Tosaíocht 4

A chinntiú go mbeidh an soláthar is fearr is féidir ann maidir le seirbhísí ardchaighdeáin iompair phoibí fóirdheontais sa stát

Príomhchuspóirí

- › Líonra oiriúnach a aithint maidir le seirbhísí iompair phoibí do phaisinéirí;
- › Seirbhísí ardchaighdeáin inrochtana bus, iarnróid throm agus iarnróid éadrom a fháil ar an luach is fearr ar airgead;
- › Bainistiú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí iompair phoiblí ar conradh;
- › Bearta a neartú chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh oibreoirí ar conradh téarmaí a gconarthaí;
- › An cinneadh a chur i bhfeidhm chun 10% den mhargadh bus fóirdheontais a oscailt don iomaíocht;
- › Conarthaí a úsáid chun feabhas leanúnach a chur ar sheirbhís do chustaiméirí.

Céimeanna i dtreo seachadta

- › Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar sheirbhísí agus ar líonraí iompair phoiblí, go háirithe seirbhísí iarnróid, bus agus seirbhísí iompair tuaithe ar conradh, agus athruithe seirbhíse molta a chur i bhfeidhm trí athbhreithniú ar chonarthaí iompair phoiblí nó trí chonarthaí nua iompair phoiblí;
- › Próiseas tairisceana do sheirbhísí bus a bhainistiú lena n-áirítear 10% de na seirbhísí bus atá á n-oibriú ar conradh faoi láthair ag Bus Átha Cliath agus ag Bus Éireann agus na seirbhísí iompair thuaithe;
- › Oibriú le hoibreoirí ar conradh chun éifeachtúlacht maidir le soláthar seirbhísí a aithint agus a chinntiú;
- › Ceanglais feidhmíochta níos cuimsithí a chur i bhfeidhm i gcás na gconarthaí atá ann cheana féin le haghaidh seirbhísí bus agus Luas agus ceanglais feidhmíochta níos cuimsithí a fhorbairt a oirfidh do sheirbhísí iarnróid agus do chonarthaí iompair tuaithe;
- › Athstruchtúrú an Chláir Iompair Tuaithe a chur i gcrích faoi Aonaid Comhordaithe Iompair, lena n-áirítear forbairt beartas agus nósanna imeachta cuí;
- › Na bearta tacaíochta TFC is gá a sholáthar le haghaidh iompar tuaithe agus conarthaí bus níos lú;
- › Seirbhís níos fearr do chustaiméirí a aithint agus a fháil i gcás seirbhísí ar conradh, laistigh de na srianta maidir leis an leibhéal maoinithe atá ar fáil mar thacaíocht;
- › Bainistíocht feidhmíochta conarthaí a neartú trí chórais nua teicneolaíochta faisnéise a chur i bhfeidhm agus a iniúchadh.

Tosaíocht 5

Bonneagar a fhorbairt agus a chur ar fáil a chinnteoidh go mbeidh taithí chomhsheasmhach ag custaiméirí ar na modhanna taistil go léir.

Príomhchuspóirí

- › Feabhas a chur ar an taithí atá ag custaiméirí iompair phoiblí trí dheireadh a chur leis na baic atá orthu aistriú ó sheirbhís iompair phoiblí amháin go seirbhís iompair eile;
- › An bonneagar atá ann cheana féin a ghíaráil agus bearta nua a fhorbairt chun feabhas a chur ar thurais ó dhoras go doras;
- › Dlúthchuid den líonra iompair príomhshrutha a dhéanamh den chóras iompair tuaithe agus d'fheithiclí beaga seirbhíse poiblí;
- › Faisnéis faoi gach seirbhís iompair phoiblí a chur ar fáil ar chainéil faisnéise nua agus ar chinn atá ar fáil cheana féin;
- › Córas ticéadaithe a sholáthar a chuirfidh ar chumas daoine gluaiseacht go héasca idir seirbhísí éagsúla.

Céimeanna i dtreo seachadta

- › Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar líonraí iompair phoiblí lena chinntiú go mbeidh paisinéirí in ann malartú ar bhealach níos fusa idir seirbhísí agus modhanna iompair;
- › Leanúint le forbairt córais chomhtháite náisiúnta ticéadaithe lena n-áirítear táirgí nua agus leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua;
- › Leanúint le forbairt córais fíor-ama faisnéise do phaisinéirí i gcomhair seirbhísí iompair phoiblí ar fud na tíre;
- › Leanúint le forbairt córais náisiúnta ar líne chun turais ilchóracha a phleanáil;
- › Leanúint le forbairt agus cur leis an láithreán gréasáin ilfhreastail le haghaidh faisnéis iompair phoiblí www.transportforireland.ie;
- › Scrúdú a dhéanamh ar an scóip atá ann chun córas táillí il-oibreoirí comhtháite a chur i bhfeidhm i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath;
- › A chinntiú go bhfuil seirbhísí faisnéise inrochtana;
- › Saoráidí idirmhalartaithe éifeachtacha sráide agus eis-sráide a fhorbairt;
- › Faisnéis taistil níos fearr a sholáthar ag stadanna agus ag pointí idirmhalartaithe agus ar sheirbhísí gréasáin agus aipeanna;
- › Soláthar táirgí Sábhála Cánach a chomhtháthú in aon tairseach amháin;
- › Leanúint le forbairt próiseas chun gearáin a dhéanann oibreoirí agus an tÚdarás a láimhseáil go héifeachtach.

Tosaíocht 6

Úsáid modhanna níos inbhuanaithe iompair a chur chun cinn

Príomhchuspóir

- › Daoine a spreagadh chun leas a bhaint as modhanna iompair níos inbhuanaithe (iompar poiblí, rothaíocht agus siúl) seachas taisteal i gcarranna;
- › Oibriú chun go mbeidh iompar poiblí níos áisiúla agus níos tarraingtí;
- › Feabhas a chur ar an aitheantas náisiúnta *Iompar d'Éirinn*, i gcás iompair phoiblí agus na roghanna éagsúla taistil.

Céimeanna i dtreo seachadta

- › Pleananna comhtháite cumarsáide agus margaíochta náisiúnta a fhorbairt chun feasacht a spreagadh agus le go mbainfidh an pobal leas níos mó as iompar poiblí, rothaíocht agus siúl;
- › Clár oibre comhtháite bliantúil le hoibreoirí iompair phoiblí a fhorbairt agus a sheoladh;
- › Plean náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun *Iompar d'Éirinn* a úsáid mar bhranda ar an bpríomh-bhonneagar agus ar na príomhphointí faisnéise iompair;
- › Clár náisiúnta um Thaisteal níos Cliste don Ionad Oibre a fhorbairt agus a bhainistiú thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt;
- › Leanúint leis an gclár chun campais Taistil níos Cliste a fhorbairt;
- › Córas oiriúnach, éifeachtach um pleanáil taisteal bunscoile agus meánscoile a fhorbairt agus a chur ar fáil ar fud na tíre mar aon le clár inbhuanaithe feasachta agus cur chun cinn;
- › Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le comhlachtaí poiblí eile a sholáthraíonn seirbhísí faisnéise taistil (m.sh. gníomhaireachtaí turasóireachta);
- › Feasacht faoi sheirbhísí iompair tuaithe a spreagadh;
- › Leanúint le bailiú agus foilsiú sonraí maidir le húsáid seirbhísí iompair phoiblí, rothaíocht agus siúl.

Tosaíocht 7

Bainistiú a dhéanamh ar Chlár Infheistíochta Caipitil na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Príomhchuspóirí

- › Saineolas cuí faoi chúrsaí iompair agus bainistiú tionscadal a chur ar fáil chun go bhfaighfí luach ar airgead agus go gcuirfear an Ciste Náisiúnta Inrochtaineachta agus clár infheistíochta na Roinne i gcathracha réigiúnacha i bhfeidhm go tráthúil.

Céimeanna i dtreo seachadta

- › Bainistiú a dhéanamh ar bhearta infheistíochta le tacú le tionscadail tosaíochta iompair phoiblí agus rothaíochta/siúil sna cathracha réigiúnacha Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge;
- › Bainistiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chláir bhliantúil oibreacha chun inrochtaineacht ar sheirbhísí bus agus iarnróid a fheabhsú;
- › Comhairle ghairmiúil iompair faoi roghanna agus ar thosaíochtaí a thabhairt don Roinn nuair a iarrtar í;
- › Monatóireacht a dhéanamh go rialta le féachaint an bhfuil comhsheasmhacht ann maidir le treoirlínte dearaidh agus le frámaí ama soláthair agus costais, lena áirithiú go gcuirfí cuspóirí an chláir infheistíochta caipitiúla i bhfeidhm go tráthúil agus chun luach ar airgead a fháil;
- › A chinntiú go ndéanann na forbairtí comhlánú ar chuspóirí úsáide talún agus ar bheartais iompair níos leithne;
- › Caidreamh táirgiúil oibre a fhorbairt le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile.

Tosaíocht 8

Eagraíocht ghairmiúil a choinneáil agus a fheabhsú le déileáil le dúshlán reatha agus dúshlán a bheidh ann amach anseo agus barr feabhais a chur chun cinn maidir le cúrsaí rialachais agus soláthar seirbhíse

Príomhchuspóirí

- › Córais agus struchtúir sholúbtha a cheapadh agus acmhainní a sholáthar chun freagra a thabhairt ar chúrsaí agus ar thosaíochtaí atá ag athrú;
- › Ár bhfeidhmeanna a chur i gcrích de réir na gcaighdeán is airde ó thaobh seirbhíse poiblí agus luach ar airgead a sholáthar;
- › Eolas gairmiúil agus corparáideach a fhorbairt agus a choinneáil san eagraíocht.

Céimeanna i dtreo seachadta

- › Córais chuí a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbainistítear tionscadail go maith agus go bhfuil bunús maith le cinntí maidir le maoiniú;
- › Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na córais rialaithe airgeadais;
- › Oiliúint agus forbairt foirne a chur chun cinn lena n-áirítear córas éifeachtach um fhorbairt agus um bainistiú feidhmíochta a chur i bhfeidhm;
- › Struchtúir foirne a athbhreithniú i bhfianaise an fheachtais leanúnaigh chun éifeachtúlacht a bhaint amach in eagraíochtaí na hearnála poiblí;
- › A chinntiú go gcuireann an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí timthriall leanúnach athbhreithnithe i bhfeidhm ar na nósanna imeachta;
- › Maitrís Riosca an Údaráis a athbhreithniú agus a nuashonrú;
- › Tástáil leanúnach agus monatóireacht a dhéanamh ar an mBonneagar TF agus ar chibearshlándaíl chun go mbeadh seirbhís éifeachtach a bhfuil teacht aniar inti ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Tosaíocht 9

Caidreamh seachtrach a fhorbairt agus a bhainistiú

Príomhchuspóirí

- Príomhchaidrimh straitéiseacha a aithint agus a fhorbairt d'fhonn ár gcuspóirí a bhaint amach;
- Struchtúr cuí a fhorbairt don idirphlé le custaiméirí iompair phoiblí;
- Feabhas a chur ar cháil an Údaráis mar an fhoinsé inchreidte eolais maidir le saincheisteanna iompair;
- A chinntiú go seolfaí teachtaireacht chomhsheasmhach ar fud na heagraíochta faoin bhfeachtas seo.

Céimeanna i dtreo seachadta

- Sonraí agus staitisticí reatha a fhoilsiú faoi úsáid iompair phoiblí agus na modhanna iompair eile;
- Leas a bhaint as láithreán gréasáin an Údaráis chun tuarascálacha, faisnéis rialála, an nuacht is déanaí, nuashonruithe tionscadal, miontuairiscí an Bhoird agus cáipéisí eile a scaipeadh;
- Páirt a ghlacadh i gcoistí agus i ngrúpaí atá ag teacht chun cinn i réimsí mar sholáthar iompair, seirbhísí do chustaiméirí, inrochtaineacht, agus pleanáil úsáide talún;
- Dul i mbun idirchaidrimh le húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara eile maidir le soláthar seirbhísí iompair phoiblí áitiúla agus tacú le feabhsú le tosaíocht bhus, stadanna bus agus bonneagar stáisiún;
- Cuntasacht iomlán a sholáthar don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, don Rialtas agus don Oireachtas faoi fheidhmeanna agus faoi bhearta an Údaráis;
- Tacú leis an gCoiste Comhairleach um Fheithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna trí áiseanna agus seirbhísí a sholáthar;
- Caidreamh éifeachtach oibre a fhorbairt leo siúd a bhíonn ag ceapadh beartas an Rialtais chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na straitéisí ábhartha iompair agus chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchair na ndoiciméad beartais eile ar phleananna agus ar chlár an Údaráis;
- Páirt a ghlacadh sna comhlachtaí ábhartha i dtionscadail an AE agus i bhforbairt beartas agus oibriú i gcomhpháirtíocht leo de réir mar is cuí.

Aguisín 1: Struchtúr Eagraíochtúil



Aguisín 2: Comhaltaí an Bhoird

Tá an seachtar comhaltaí seo a leanas ar an mbord faoi láthair (Eanáir 2015). Tá 5 fholúntas le líonadh in am trátha.

1. An tUasal John Fitzgerald (Cathaoirleach), athcheaptha Nollaig 2014;
2. An tUasal Linda Saunders, athcheaptha Nollaig 2014;
3. An Dr. Berna Grist, athcheaptha Nollaig 2014;
4. An tUasal Valerie O'Reilly, ceaptha i Márta 2010;
5. An tUasal Hugh Creegan (Stiúrthóir Pleanála Iompair agus Infheistíochta ag an Údarás), ceaptha i Samhain 2010;
6. An tUasal Owen Keegan, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ceaptha i Meán Fómhair 2013;
7. Anne Graham (Príomhfheidhmeannach), ceaptha in Eanáir 2015.

An Coiste Iniúcháireachta

Is iad seo a leanas Comhaltaí Choiste Iniúcháireachta an Bhoird:

- › An tUasal Linda Saunders (Cathaoirleach)
- › An tUasal John Fitzgerald
- › Folúntas

